



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Máistir Gairmiúil san Oideachas (Múinteoireacht Bhunscoile)

Na Riachtanais Iontrála agus an Nós Imeachta don bhliain 2023

NB: Tá síneadh ama curtha leis an dáta deiridh le haghaidh iarratas go dtí an 2ú Meitheamh 2023

1. Is clár iarchéime oideachas múinteoirí don mhúinteoireacht bhunscoile (2023-2025) é seo do dhaoine a bhfuil Céim Onóracha Bhaitisiléara ag Leibhéal 8 acu nó do na daoine sin a mheasann go bhfaighidh siad torthaí rathúla ina scrúduithe deiridh roimh an Aoine an 14 Iúil 2023.

Is clár lánaimseartha é seo. Tosóidh sé i mí Mheán Fómhair 2023 agus tiocfaidh sé chun deiridh i samhradh na bliana 2025. Soláthrófar é sna hinstiúidí ardoideachais seo a leanas:

- Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Campas Choláiste Phádraig, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 9. (ioe@dcu.ie). Suíomh gréasáin: <https://www.dcu.ie/>
- Coláiste Mhuire gan Smál, An Cuarbhóthar Theas, Luimneach. (admissions@mic.ul.ie). Telephone: 061 204348/061 204929
- Suíomh gréasáin: <https://www.mic.ul.ie/>
- Roinn Froebel don Oideachas Bunscoile agus Luath-Óige, Ollscoil Mhá Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. froebel.department@mu.ie. Suíomh gréasáin: <https://www.maynoothuniversity.ie/froebel-department-primary-and-early-childhood-education>. Teileafón: (01) 4747400
- Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9. (admissions@mie.ie). Teileafón: (01) 8057742. Suíomh gréasáin: <https://www.mie.ie/en/>.

Beidh líon teoranta áiteanna ar fáil ar na cláir sin agus roghnófar iarratasóirí rathúla trí bhíthin comórtais. Cuirtear in iúl d'iarratasóirí gur féidir go mbainfear úsáid as gearrliostú.

Maidir le daoine a n-éiríonn leo an clár seo a chur i gcrích, beidh siad incháilithe lena gclárú ag an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bhealach 1: Bunoideachas agus, dá bhrí sin, beidh siad incháilithe lena gceapadh i mbunscoileanna.

2. Critéir Cháilitheachta

Tá dhá phríomhchéim sa phróiseas iarratais mar atá leagtha amach anseo.

Beidh ar iarratasóirí fianaise dhoiciméadach a sholáthar dá n-institiúid ardoideachais roghnaithe go gcomhlíonann siad na riachtanais ag (a), (b) agus (c) thíos, mar a leanas.

(a) An Bhéaltriall Ghaeilge

Ní mór do gach iarratasóir ionchasach comhpháirt cheann de na **béaltrialacha TEG** atá liostaithe ag i) agus ii) thíos a bheith **críochnaithe** acu agus an grád cuí a bheith bainte amach acu **roimh** an **spriocdháta le haghaidh iarratas (2ú Meitheamh 2023)** chun na riachtanais iontrála a shásamh.

- I. Ní mór d'iarratasóirí **65% nó níos airde a bhaint amach ar an gcuid cainte** den scrúdú Gaeilge de chuid Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) Meánleibhéal 1 (**B1**), roimh an spriocdháta d'iarratais chun na riachtanais iontrála a shásamh, **nó**
- II. Deimhniú bailí a bheith agat **faoi láthair sa chomhpháirt ó bhéal** de cheachtar acu Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) Meánleibhéal 2 (**B2**) nó Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) Ardleibhéal (**C1**) Scrúdú Gaeilge tar éis **pas grád nó níos airde** a bhaint amach. Ní mór an chomhpháirt ó bhéal den TEG B2/C1 a fháil roimh an dáta deiridh le haghaidh iarratas chun na riachtanais iontrála a shásamh.

Beidh toradh rathúil i gceann de na scrúduithe TEG thuas bailí go ceann dhá bhliain sula gcaithfear an triail a dhéanamh arís.

Eolas Ginearálta maidir leis an Scrúdú béil TEG (B1).

Ní mór d'iarrthóirí nach gcomhlíonann an riachtanas labhartha Gaeilge faoi láthair iarratas ar leithligh a dhéanamh chun scrúdú cainte TEG (B1) na Gaeilge a dhéanamh, atá á riar ag an Lárionad um Thaighde, Theagasc agus Thriail na Gaeilge in Ollscoil Mhá Nuad.

Tá clárú oscailte anois do Bhéaltriall TEG (B1) agus is é de **Déardaoin, 20 Aibreán 2023**, an dáta deiridh chun iarratais TEG ar líne a chur isteach. Is féidir leat clárú don scrúdú seo ag [Application Form for Colleges of Education \(teg.ie\)](http://Application Form for Colleges of Education (teg.ie))

Beidh an Scrúdú Cainte Gaeilge comhdhéanta díobh seo:-

- comhrá ar thopaicí saoil laethúil, ag tabhairt eolais agus ag cur tuairimí in iúl;
- rólghníomhaíocht ar chás ar leith, ag iarraidh eolais, ag tabhairt eolais agus ag cur tuairimí in iúl;

- scéal simplí a insint, á thuairisciú cad atá ag tarlú i sraith pictiúr.

Ba cheart d'iaratasóirí a thabhairt faoi deara go dteastaíonn ardchaighdeán líofachta sa Scrúdú Cainte Gaeilge agus ba cheart dóibh ullmhú don scrúdú dá réir.

Féach http://www.teg.ie/fileupload/guides/B1_treoir_PME_EN.pdf le haghaidh tuilleadh faisnéise.

AGUS

(b) Íosriachtanais Iontrála i nGaeilge, i mBéarla agus i Matamaitic.

Ceann amháin de na tacair cháilíochtaí dara leibhéal seo a leanas:

(i) i Scrúdú na hArdteistiméireachta

Ábhar	Gaeilge	Matamaitic	Béarla
Grád Íosta	H4	H7 nó O4	H7 nó O4
Marc céatadánach	60% < 70%	30% < 40% nó 60% < 70%	30% < 40% nó 60% < 70%

H– Ardleibhéal

O – Gnáthleibhéal

Is leagtha amach in Aguisín 1 atá na gráid agus na marcanna céatadánacha sa scéim grádaithe don tréimhse 1992-2016 agus sa scéim nua don bhliain 2017 i leith

(ii) i Scrúduithe Leibhéal GCSE agus Ard-Leibhéal GCE i dTuaisceart Éireann: Grád C ag Ard-Leibhéal GCE i nGaeilge; Grád C ag Leibhéal GCSE i mBéarla agus i Litríocht an Bhéarla araon nó Grád B ag Leibhéal GCSE i gceachtar díobh; agus Grád D ag Leibhéal GCSE i Matamaitic Bhreise nó Grád C ag Leibhéal GCSE i Matamaitic.

Roghanna eile ar cháilíocht dara leibhéal i nGaeilge, i mBéarla nó i Matamaitic

Glacfar le Pas i Scrúdú *Chéad Bhliain na nEalaíon* ar an Ollscoil i nGaeilge, i mBéarla nó i Matamaitic in ionad riachtanas Scrúdú na hArdteistiméireachta nó GCE/GCSE don ábhar ábhartha.

Roghanna eile ar cháilíocht dara leibhéal i nGaeilge

- Grád C a gnóthaíodh sa Scrúdú Máithreánach (a reáchtáladh go dtí an bhliain 1992)

- Diplóma sa Ghaeilge, Leibhéal C1, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
- Diplóma sa Ghaeilge, Leibhéal B2, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
- Diplóma sa Ghaeilge, Ollscoil Mhá Nuad
- Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) ag Leibhéal B2, Ollscoil Mhá Nuad
- Diplóma sna hEalaíona (An Ghaeilge Fheidhmeach), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Diplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Diplóma sa Ghaeilge (An Ghaeilge sa Saol Comhaimseartha), Ollscoil Luimnigh
- Diplóma sa Ghaeilge in Ollscoil Uladh

Tabhair do d'aire, le do thoil, gur riachtanas ar **leith** é an Bhéaltriail Ghaeilge TEG dá dtagraítear in **2(a)** thuas do na scrúduithe eile ceadaithe atá liostaithe sa roinn seo agus nach mór é a fháil roimh an **spriocdháta le haghaidh iarratas (2ú Meitheamh 2023)**.

Roghanna eile ar cháilíocht dara leibhéal i Matamaitic

- Grád Pas a gnóthaíodh i Matamaitic sa Scrúdú Máithreánach (a reáchtáladh go dtí an bhliain 1992).
- Pas le tuillteanas (65-79%) nó pas le gradam (80-100%) a gnóthaíodh i gCúrsa Matamaitice ag Leibhéal 5 ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (5N 1833).

Ní mór d'iarrthóirí fianaise dhoiciméadach (trascríbhinn na dtorthaí) a sholáthar don Institiúid(i) Ardoideachais roghnaithe acu, chun a thaispeáint go gcomhlíonann siad na híosriachtanais iontrála in **(2b)** thuas nó rogha eile ceadaithe, roimh **14ú Iúil 2023**.

AGUS, DE BHREIS AIR SIN,

(c) Cáilíocht Acadúil

Ní mór d'iarratasóirí na nithe seo a bheith acu:

Céim Onóracha Bhaitsiléara 2.2 ar a laghad (Mórdhámhachtain ag Leibhéal 8 nó níos airde ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) a bhfuil ualú creidiúna ar an gCóras Eorpach Aistrithe Creidiúna atá cothrom le 180 creidiúint .

Ní mór d'iarratasóirí fianaise dhoiciméadach a sholáthar dá nInstitiúid Ardoideachais roghnaithe **roimh** an 14ú Iúil 2023 go bhfuil a gcéim curtha mar mhórdhámhachtain ag an leibhéal cuí ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí

3. Próiseas iarratais agus roghnúcháin

Is é an **dáta deiridh** chun iarratais chomhlánaithe a fháil chuig na ceithre institiúid atá ainmnithe thuas ná **5p.m. ar an Aoine, 2ú Meitheamh 2023**.

Déan tagairt le do thoil do shuíomh Gréasáin na hInstitiúide Ardoideachais roghnaithe chun sonraí a fháil faoin bpróiseas iarratais agus roghnóireachta.

Má rinne tú iarratas cheana féin go dtí d'institiúid ardoideachais roghnaithe le haghaidh iontrála in 2023, ní gá duit athiarratas a dhéanamh.

Tábhachtach: Tá an dualgas ar gach iarrthóir a chinntiú go gcomhlíonann siad na riachtanais incháilitheachta don chlár.

Achoimre ar na Dátaí Tábhachtacha maidir le d'Iarratas PME.

- Ní mór an t-íosleibhéal riachtanach a fháil sa chuid **Bhéaltriall** den Scrúdú TEG ábhartha mar atá leagtha amach ar Leathanach 2, roimh an spriocdháta le haghaidh iarratas. Is é **dé Déardaoin, 20 Aibreán 2023**, . an dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh ar Bhéaltriall Ghaeilge TEG B1.
- Is é an **dáta deiridh** chun iarratais chomhlánaithe a fháil chuig na ceithre institiúid atá ainmnithe thuas ná 5pm **dé Aoine, 2ú Meitheamh 2023**
- Ní mór na híosriachtanais iontrála sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic nó rogha eile ceadaithe mar a liostaítear thuas a chomhlíonadh roimh **14ú Iúil 2023**.
- Ní mór **cáilíocht acadúil** Chéim Bhaitsiléara Onóracha H2.2 (Mórdhámhachtain ag Leibhéal 8 nó níos airde ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí a chomhlíonadh roimh **14 an ú Iúil 2023**).

Aguisín 1

Scéimeanna Grádaithe na hArdteistiméireachta (an Scéim don tréimhse 1992-2016 agus an Scéim Nua don bhliain 2017 i leith)

An Scéim don tréimhse 1992 – 2016	% a Bronnadh	An Scéim Nua don bhliain 2017 i leith	% a Bronnadh
A1	90-100	A1/G1	90-100
A2	85<90	A2/G2	80<90
B1	80<85		
B2	75<80	A3/G3	70<80
B3	70<75		
C1	65<70	A4/G4	60<70
C2	60<65		
C3	55<60	A5/G5	50<60
D1	50<55		
D2	45<50	A6/G6	40<50
D3	40<45		
E	25<40	A7/G7	30<40
F	10<25	A8/G8	0<30